

GA

# AG OBAIR IN HORECA?

## Cosain do chearta inniu, slánaigh do thodhchaí amárach!

FAIR HORECA IN EU
Work is seasonal. Rights are not

ELA
EUROPEAN LABOUR AUTHORITY

EURES

# AN OIBRÍ SÉASÚRACH SOGHLUAISTE SAN EARNÁIL HORECA SAN AONTAS THÚ?

Mar oibrí séasúrach, tá sé de cheart agat dálaí oibre cothroma agus trédhearcacha a bheith agat agus na cearta saothair agus sóisialta céanna a bheith agat agus atá ag oibrithe áitiúla, gan beann ar an áit a bhfuil tú ag obair laistigh den Aontas.

## Do chearta mar oibrí séasúrach

### Fostaíocht dhlíthiúil agus fhógartha

Tá sé de cheart agat oibriú go dlíthiúil agus a bheith dearbhaithe. Ciallaíonn sé sin:

- Tá conradh dlíthiúil i bhfeidhm.
- Tá d'fhostaíocht cláraithe leis na hinstitiúidí cuí, ar nós na n-údarás slándála sóisialta agus cánach.
- Tá do dhálaí oibre, do phá agus do shochair sainmhínithe go soiléir, dlíthiúil, agus urramaítear iad

Leis na forálacha sin, tugtar rochtain duit ar na nithe seo a leanas:

- Cúram sláinte agus sochair theaghlaigh.
- Cosaint i gcásanna dífhostaíochta, breoiteachta ceirde nó gortaithe.
- Pinsean don todhchaí.

### Eolas riachtanach maidir le d'fhostaíocht

Ní mór duit faisnéis shoiléir, i scríbhinn a fháil faoi d'fhostaíocht, lena n-áirítear:

- Sonraí fút féin agus faoi d'fhostóir
- Áit oibre
- Do theideal poist, do dhualgais agus do fhreagrachtaí
- Dátaí tosaigh agus deiridh (más infheidhme)
- Tréimhse phromhaidh (más ann di)
- Teidlíochtaí oiliúna (más ann dóibh)
- Teidlíochtaí saoire íoctha
- Nósanna imeachta chun deireadh a chur le d'fhostaíocht
- Sonraí faoi do phá, faoi d'fhorlíontaí agus faoi do mhinicíocht íocaíochta
- Uaireanta oibre, sealanna oibre agus socruithe ragoibre
- Comhaontuithe comhchoiteanna is infheidhme maidir le d'fhostaíocht
- Sonraí slándála sóisialta
- I gcás oibrithe gníomhaireachta sealadacha: faisnéis faoi na cuideachtaí a mbeidh tú ag obair dóibh, a luaithe is eol sin.

**Tabhair faoi deara:** D'fhéadfadh rialacha sonracha maidir le hobair shéasúrach nó an earnáil HORECA a bheith i bhfeidhm i do thír oibre, ag dul i bhfeidhm ar do phá, uaireanta oibre, laethanta saoire, etc.

## Cóir chothrom agus neamh-idirdhealú

Tá tú i dteideal cóir chothrom a fháil beag beann ar do ghnéas, cine nó eitneacht, reiligiún nó creideamh, míchumas, aois nó claonadh gnéasach. Tá cosc iomlán ar idirdhealú atá bunaithe ar náisiúntacht ar fud an Aontais.

## Cosaint bhreise:

Más déagóir thú, má tá tú torrach, nó má rugadh thú le déanaí, ní mór do d'fhostóir bearta a dhéanamh chun do shláinte agus do dhea-bhail a chosaint. Féadfar coigeartuithe ar na nithe seo a leanas a áireamh ar na bearta sin:

- Do chuid cúraimí
- Uaireanta oibre nó sceideal
- Cosaint ar shubstaintí guaiseacha

## Sláinte agus sábháilteacht ag an obair

Tá d'fhostóir freagrach as:

- Tú a chur ar an eolas faoi aon rioscaí a bhaineann leis an bpost
- Oiliúint sláinte agus sábháilteachta a chur ar fáil
- Dálaí oibre sábháilte a áirithiú agus cleachtais sláinteachais a urramú

## Chun tuilleadh sonraí a fháil:

- Foghlaim faoi oibleagáidí fostóra d'oibrithe sna déaga: https://europa.eu/youreurope/business/human-resources/employment-contracts/teenage-workers/index_en.htm
- Foghlaim faoi chóir chomhionann le hoibrithe: https://europa.eu/youreurope/business/human-resources/equal-treatment-qualifications/equal-treatment/index_en.htm

## An bhfuil comhairle nó cúnamh uait?

Má tá ceisteanna agat nó má theastaíonn tacaíocht uait:

- Fiafraigh de d'fhostóir
- Iarr comhairle ó údaráis áitiúla saothair, ó cheardchumainn nó ó eagraíochtaí cúnaimh
- Déan teagmháil leis an oifig EURES is gaire duit: https://europa.eu/eures/portal/um/search-for-advisers?lang=en

## Acmhainní úsáideacha:

- Eolas faoi chonarthaí fostaíochta san Aontas Eorpach: https://europa.eu/youreurope/citizens/work/work-abroad/employment-contracts/index_en.htm
- Tuilleadh eolais faoi chomhaontuithe comhchoiteanna: déan teagmháil leis an aontas ábhartha sa tír ina bhfuil tú ag obair

**EUROPEAN LABOUR AUTHORITY**
European Labour Authority
Landererova 12, 811 09 Bratislava - Slovakia

info@ela.europa.eu
**www.ela.europa.eu**

**Faigh tuilleadh eolais ar shuíomh gréasáin an Údaráis Eorpaigh Saothair**

© An tÚdarás Eorpach Saothair, 2025

Níl an tÚdarás Eorpach Saothair (ELA) ná aon duine a ghníomhaíonn thar ceann ELA freagrach as úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as an bhfaisnéis sa doiciméad seo.

Údaraítear atáirgeadh ach an fhoinse a lua. Chun aon ghrianghraif nó ábhar eile nach bhfuil faoi chóipcheart ELA a úsáid nó a atáirgeadh, ní mór cead a fháil go díreach ó shealbhóirí an chóipchirt.

Cóipcheart íomhánna: © iStock.com/Hilch

Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2025

Print ISBN 978-92-9401-901-1 doi:10.2883/8481405 HP-01-25-014-GA-C
PDF ISBN 978-92-9401-900-4 doi:10.2883/1291400 HP-01-25-014-GA-N

**FAIR HORECA IN EU**

**Work is seasonal. Rights are not**